# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **Cúig** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**
(*Le comhlánú ar leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do Theaghlach Mhic Gabhann le haghaidh na gceithre mhí dheiridh de 2011:

Is é €250 an t-Airgead Tirim Tosaigh ar láimh.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Seán Mac Gabhann €2,500 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas €600 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Máire Mhic Gabhann €850 glan in aghaidh na míosa.
- Tá súil ag an teaghlach le díbhinn €500 glan ar scaireanna i mí Dheireadh Fómhair.
- Is é an sochar leanaí ná €300 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an cíos tí ná €750 in aghaidh na míosa ach tiocfaidh **laghdú** air go €650 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain 2011.
- Tá árachas €324 in **aghaidh na bliana** ar inneachar an tí, **iníoctha gach mí** ó 1 Meán Fómhair 2011.
- Íocann teaghlach Mhic Gabhann préimh árachais sláinte de €210 in aghaidh na míosa. Tiocfaidh **ardú** €30 in aghaidh na míosa ar an bpréimh seo ó 1 Samhain 2011.
- Beidh costais teaghlaigh €950 ann in aghaidh na míosa, ach amháin i mí na Nollag nuair a bheidh costais €500 sa **bhreis** ann.
- Ceaptar gur €30 in aghaidh na míosa a bheidh mar chostais reatha gluaisteáin ar Sheán agus €80 in aghaidh na míosa ar Mháire. Tá seirbhís le déanamh ar ghluaisteán Mháire i mí na Samhna agus ceaptar go gcosnóidh sé €250.
- Ceaptar go mbeidh €120 ar an mbille teileafón tí i mí Mheán Fómhair agus €150 i mí na Samhna. Chomh maith leis sin cosnóidh billí fón phóca €95 in aghaidh na míosa ar an teaghlach.
- Ceaptar gur €150 a bheidh ar bhillí solais agus teasa i mí Mheán Fómhair agus €180 i mí na Samhna. Beidh líonadh ola don téamh lárnach ag teastáil i mí Dheireadh Fómhair. Cosnóidh sin €450.
- Cosnóidh leabhair scoile don teaghlach €450 i mí Mheán Fómhair.
- Cosnóidh siamsaíocht €350 in aghaidh na míosa ach amháin i mí na Nollag nuair a chosnóidh sé €400 **sa bhreis** le haghaidh chóisir Nollag.
- Tá saoire curtha in áirithe ag an teaghlach a chosnóidh €3,200. Caithfidh siad éarlais €1,000 a íoc i mí Dheireadh Fómhair agus an t-iarmhéid i mí na Nollag.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh (*ar leathanach 9 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** An le teaghlach Mhic Gabhann an teach ina gcónaíonn siad? Luaigh cúis **amháin** le do fhreagra. (*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.*) (6)

**(C)** Cé mhéad a thuillfidh Máire Mhic Gabhann sa bhliain iomlán (2011) mura mbíonn aon athrú ar a tuarastal? (*Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.*) (4)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
(*Le comhlánú ar leathanach 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Gaff Tta ar an 31 Nollaig 2010, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| Comhardú Trialach mar a bhí ar an 31 Nollaig 2010 | Dr | Sr |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 390,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 254,800 | |
| Carraeireacht Isteach | 2,450 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2010 | 52,250 | |
| Pá | 78,600 | |
| Solas agus Teas | 16,400 | |
| Teileafón | 5,950 | |
| Árachas | 14,800 | |
| Fógraíocht | 8,750 | |
| Díbhinn Íoctha | 3,500 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 26,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 2,150 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 252,150 |
| Foirgnimh | 120,000 | |
| Daingneáin agus Fearais | 26,000 | |
| Veaineanna Mótair | 82,500 | |
| | 668,150 | 668,150 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2010 ná €75,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** le haghaidh Gaff Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010.
(*Freagair ar Leathanach 10 den Leabhrán.*)

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2010.
(*Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.*) (45)

**(B)** Mínigh an téarma 'Airgead Tirim ar Láimh' sa Chomhardú Trialach thuas.
(*Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.*) (5)

**(C)** Ríomhtar Brabús Comhlán mar chéatadán de Dhíolacháin ar Airgead Tirim mar seo a leanas:

$$\frac{\text{Brabús Comhlán}}{\text{Diolacháin ar Airgead Tirim}} \times \frac{100}{1}$$

Ríomh an Brabús Comhlán mar chéatadán de Dhíolacháin ar Airgead Tirim.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.*) (10)


**(60 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí agus le Litir a Scríobh.**
(*Le comhlánú ar leathanach 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 4 Eanáir 2011, cheannaigh Aoife Ní Dhomhnaill, Ceann Caoil, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, Miasniteoir 'Zanu', Déanamh RT 87, ó Stór Leictreachais Mhic Shuibhne Tta, an tSráid Mhór, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. D'íoc sí €257 ar a cárta creidmheasa. An lá ina dhiaidh sin cuireadh an miasniteoir isteach ina cistin.

Tar éis trí seachtaine thosaigh an miasniteoir ag tabhairt trioblóide. Rinne sé a lán fothraim nuair a bhí sé in úsáid agus thug sí faoi deara nach raibh na miasa nite i gceart nuair a bhí sé á fholmhú aici.



Chuir sí glaoch teileafóin ar an mbainisteoir siopa, Annraoi Mac Suibhne, agus mhínigh sí na fadhbanna a bhí aici leis an miasniteoir. D'iarr an bainisteoir uirthi an gearán a scríobh síos.

Ar an 28 Eanáir 2011, scríobh Aoife litir ghearáin chuig an Uasal Mac Suibhne. Sa litir dúirt sí gur cheannaigh sí an miasniteoir ina shiopa agus chuir sí isteach fianaise an cheannacháin chomh maith. Ansin mhínigh sí na fadhbanna a bhí aici leis. Cheap sí go raibh sí i dteideal miasniteoir nua a fháil ina ionad anois ós rud é nach raibh an ceann a bhí aici ábalta an obair a dhéanamh i gceart. Mura bhféadfaí é sin a dhéanamh, bheadh súil aici le haisíoc iomlán a fháil.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Aoife Ní Dhomhnaill chuig Annraoi Mac Suibhne, Bainisteoir Stór Leictreachais Mhic Shuibhne Tta ar an 28 Eanáir 2011.
(*Freagair ar Leathanach 12 den Leabhrán.*) (40)

**(B)** Mínigh **dhá** shlí inar féidir le hAoife a chruthú gur íoc sí as an miasniteoir.
(*Freagair ar Leathanach 13 den Leabhrán.*) (8)

**(C)** Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht a d'fhéadfadh cabhrú le hAoife dá mbeadh sí míshásta leis an bhfreagra a fuair sí ó Stór Leictreachais Mhic Shuibhne Tta. I n**gach** cás, scríobh abairt **amháin** ag míniú conas a d'fhéadfadh an gníomhaireacht cabhrú le hAoife.
(*Freagair ar Leathanach 13 den Leabhrán.*) (12)

**(60 marc)**

**4.**

| **Ceist í seo a bhaineann le Pá agus le Ceardchumainn.**<br>(*Le comhlánú ar Leathanach 14 den Leabhrán Scrúdaithe*) |
|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Emma Hosty fostaithe mar Chúntóir Díolacháin i Stór Bréagán Jake Tta. Oibríonn sí 39 uair an chloig sa tseachtain de ghnáth. Má oibríonn sí níos mó, faigheann sí pá ragoibre de réir am go leith.

Seo a leanas duillín pá Emma i gcomhair 7 Bealtaine 2011:

| Uimh. Fostaí: 014 | | **Emma Hosty** | Seachtain 18 | Dáta: 7 Bealtaine 2011 |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | **Stór Bréagán Jake Tta** |
| BUNPHÁ | 468.00 | ÍMAT | 135.50 | |
| RAGOBAIR | 90.00 | ÁSPC | 39.10 | |
| | | CEARDCHUMANN | 15.50 | GLANPHÁ |
| OLLPHÁ | 558.00 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | 190.10 | €367.90 |

*Freagair na ceisteanna go léir i gCuid (A) sna spásanna atá curtha ar fáil ar leathanach 14 den Leabhrán.*

**(A)** (i) Ríomh bunphá Emma Hosty in aghaidh na huaire an chloig. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(ii) Ríomh cé mhéad a thuilleann sí as uair an chloig amháin ragoibre. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(iii) Ríomh an líon uaireanta an chloig ragoibre a d'oibrigh sí i Seachtain 18. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(iv) Mínigh an téarma 'Asbhaintí Reachtúla'.

(20)

**(B)** An tseachtain ina dhiaidh sin d'oibrigh Emma ar feadh 45 uair an chloig. Rinneadh €148.23 a asbhaint mar ÍMAT agus 7% dá hollphá a asbhaint mar ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar an asbhaint le haghaidh a ceardchumainn. Bain úsáid as an eolas sin agus comhlánaigh a Duillín Pá le haghaidh Sheachtain 19 (*ar leathanach 14 den Leabhrán*).

(20)

**(C)** (i) Mínigh **trí** shlí ina mbaineann Emma leas as a bheith ina ball de cheardchumann. (*Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.*)

(ii) Tá an fhoireann oibre go léir i Stór Bréagán Jake Tta ina mbaill de cheardchumann. Is í Siobhán Ní Chadhain an ball den fhoireann atá mar ionadaí ag an gceardchumann sa láthair oibre. Cén teideal oifigiúil atá ar Shiobhán? (*Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.*)

(20)
**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**
(*Le comhlánú ar leathanach 15, 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***



Tá Seán Ó Maoltuile ina Bhainisteoir Ceannacháin ag Ó hEireamhóin Tta, Miondíoltóirí Fearas Ceamara, An tSráid Mhór, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin. Ar an 16 Bealtaine 2011, seolann sé Ordú (Uimh. 914) le haghaidh na n-earraí seo a leanas chuig An Bainisteoir, Mórdhíoltóirí Ceamaraí Tta, Eastát Tionsclaíochta na Bóinne, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 30 | Ceamara Canon | Déanamh | CF67 | €145.00 an ceann |
| 25 | Ceamara Fuji | Déanamh | FG78 | €170.00 an ceann |
| 40 | Ceamara Nikon | Déanamh | NY89 | €250.00 an ceann |
| 15 | Ceamara Sony | Déanamh | SR12 | €120.00 an ceann |

**(A)** (i) Cén doiciméad gnó a sheiceálfadh Seán Ó Maoltuile sula seolfadh sé an tOrdú chuig Mórdhíoltóirí Ceamaraí Tta? (*Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.*)

(ii) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh Ordú bán Uimh. 914 (*ar leathanach 15 den Leabhrán*).

(21)

**(B)** Tá na hearraí go léir a ordaíodh sa stoc, ach amháin na Ceamaraí Nikon. Seachadtar na **Ceamaraí Canon**, na **Ceamaraí Fuji** agus na **Ceamaraí Sony** i veain ar Ó hEireamhóin Tta ar an 23 Bealtaine 2011. Seiceálann Seán na hearraí agus síníonn sé an Duillín Seachadta. Tugann tiománaí an veain Sonrasc Uimh.7465, dar dáta 23 Bealtaine 2011, dó ansin.

Nóta: **15%** an **Lascaine Thrádála** agus **20%** an **CBL** ar gach ceamara.
Ó na sonraí thuas, comhlánaigh Sonrasc bán Uimh. 7465 (*ar leathanach 16 den Leabhrán*).

(30)

**(C)** Tar éis an Sonrasc a sheiceáil, scríobhann Seán seic thar ceann Uí Eireamhóin Tta mar íocaíocht iomlán. 23 Bealtaine 2011 an data ar an seic. Tugann Seán don tiománaí é chun é a thabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Ceamaraí Tta. Ar an lá céanna, iontráiltear an beart seo i gCuntas Bainc Uí Eireamhóin Tta.

Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Uí Eireamhóin Tta. (*Bain úsáid as ceann* ***amháin*** *de na cuntais bhainc ar leathanach 17 den Leabhrán.*)

(9)

**(60 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Mionairgead.**
(*Le comhlánú ar leathanach 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Carmel Nic Phroinsias ina Bainisteoir Oifige ag Báicéir Tta. Úsáideann sí Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar mhionchostais na hoifige. I dtosach gach míosa bíonn óinchiste €200 aici.

Ar an 1 Márta 2011, bhí iarmhéid €200 ar láimh sa Leabhar Mionairgid.

Bhí na bearta mionairgid seo a leanas aici i rith mhí an Mhárta 2011.

| | | |
|---|---|---|
| Marta | 3 | Cheannaigh sí clúdaigh litreach ar €15 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 11. |
| | 4 | D'íoc sí €23 as glanadh na bhfuinneog – Dearbhán Mionairgid Uimh. 12. |
| | 7 | Cheannaigh sí méaróga cuimhne ar €10 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 13. |
| | 8 | Cheannaigh sí páipéar fótachóipeála ar €12 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 14. |
| | 14 | D'íoc sí €7 as tacsaí – Dearbhán Mionairgid Uimh. 15. |
| | 15 | D'íoc sí €25 le Seán Ó Raghallaigh as an oifig a ghlanadh – Dearbhán Mionairgid Uimh.16. |
| | 16 | Chaith sí €20 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 17. |
| | 18 | D'íoc sí €14 as an nglas ar dhoras na hoifige a dheisiú – Dearbhán Mionairgid Uimh. 18. |
| | 21 | Chaith sí €8 ar earraí glantacháin – Dearbhán Mionairgid Uimh. 19. |
| | 23 | D'íoc sí an táille traenach, €16, as taisteal gnó – Dearbhán Mionairgid Uimh. 20. |
| | 24 | D'íoc sí €10 as beartán a chlárú – Dearbhán Mionairgid Uimh. 21. |
| | 29 | D'íoc sí €24 as glanadh na hoifige – Dearbhán Mionairgid Uimh. 22. |

**(A)** Iontráil an beart den 15 Marta 2011 sa Dearbhán Mionairgid (*ar leathanach 18 den Leabhrán*).
(12)

**(B)** Breac go hiomlán Leabhar an Mhionairgid do mhí an Mhárta (*ar leathanach 19 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as na colúin miondealaithe seo a leanas:

**Postas, Páipéarachas, Taisteal, Glantachán, Eile**.

Suimigh gach colún miondealaithe agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid ag deireadh mhí an Mhárta.
(43)

**(C)** Cé mhéad airgid a gheobhaidh Carmel ón bPríomhairgeadóir ionas gur féidir léi tosú an mhí dar gcionn le hóinchiste €200? (*Freagair ar Leathanach 19 den Leabhrán.*)
(5)

**(60 marc)**

**7.** **Ceist í seo a bhaineann leis an mBuiséad Náisiúnta.**
(*Le comhlánú ar leathanach 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** (i) Cé acu roinn rialtais a bhfuil sé de dhualgas uirthi an buiséad náisiúnta a ullmhú?
(*Freagair ar Leathanach 20 den Leabhrán.*)

(ii) Tabhair **dhá** shampla de chaiteachas Leasa Shóisialta.
(*Freagair ar Leathanach 20 den Leabhrán.*)

(14)

**(B)** Tugadh na figiúirí seo a leanas ar lá an bhuiséid mar réamh-mheastachán don bhliain 2011.

| **Caiteachas Reatha** | **€000** |
|---|---|
| Sláinte | 20,000 |
| Leasa Sóisialta | 18,000 |
| Oideachas | 8,000 |
| Seirbhísiú Fiachais | 12,000 |
| Talmhaíocht | 7,000 |
| Dlí agus Ceart | 4,000 |
| **Ioncam Reatha** | |
| CBL | 18,500 |
| ÍMAT | 24,000 |
| Dleacht Mháil | 7,800 |
| Ioncam Eile | 3,900 |

(i) Taispeáin Caiteachas Reatha an Rialtais le barrachairt (*ar Leathanach 20 den Leabhrán*).

(ii) Baint úsáid as an eolas iomlán thuas agus ullmhaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain 2011 (*ar Leathanach 21 den Leabhrán*).

(iii) Luaigh cé acu buiséad 'fuílligh' nó buiséad 'easnaimh' é (*ar Leathanach 21 den Leabhrán*).

(36)

**(C)** Le blianta beaga anuas tá laghdú ar fhás geilleagrach na hÉireann.
Mínigh **dhá** dheacracht atá ag Rialtas na hÉireann de bharr an laghdaithe seo.
(*Freagair ar Leathanach 21 den Leabhrán.*)

(10)

**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le Margaíocht, Tionscnamh Díolachán agus Onnmhairí.**
(*Le comhlánú ar leathanach 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe*)

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Mheasc Ciara suas na freagraí ina scrúdú Staidéar Gnó. Bhí na freagraí cearta go léir aici ach chuir sí sna habairtí míchearta iad. Seo an rud a scríobh sí:

(i) Is é is Spriocmhargadh ann ná *nuair a thugann gnólachtaí airgead d'ócáid spóirt nó cultúir chun a dtáirgí a chur chun cinn*.

(ii) Is é is Taighde Margaidh ann ná *liosta de cheisteanna ullmhaithe a chuirtear ar thomhaltóirí mar chuid de shuirbhé.*

(iii) Is é is Ainm Branda ann ná *bailiú eolais faoin rud is mian le tomhaltóirí a cheannach*.

(iv) Is é is Ceistneoir ann ná *modh a úsáidtear chun díolacháin tháirgí faoi leith a mhéadú, e.g. "Ceannaigh borgaire – gheobhaidh tú deoch saor in aisce"*.

(v) Is í is Urraíocht ann ná *na tomhaltóirí a bhféadfadh éileamh a bheith acu ar tháirge nó ar sheirbhís.*

(vi) Is é is Tairiscint Speisialta ann ná *modh a úsáidtear chun táirge faoi leith a shainaithint ionas go mbeidh eolas maith ag an bpobal air.*

Críochnaigh **gach** abairt díobh sin go hiomlán agus i gceart (*sa spás atá curtha ar fáil dó ar Leathanach 22 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as an eolas thuas. (24)

**(B)** Díolann Gníomhspórt Tta liathróidí peile ar fud na Mumhan. In 2010 bhí díolachán na liathróidí peile i ngach contae mar seo leanas:

| Contae: | CORCAIGH | CIARRAÍ | PORT LÁIRGE | AN CLÁR | TIOBRAID ÁRANN | LUIMNEACH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cainníocht: | 5,500 | 7,500 | 1,600 | 2,900 | 1,800 | 2,700 |

Is é praghas gach liathróid peile ná €25.00 an ceann.



(i) Ríomh díolachán iomlán na liathróidí peile ag Gníomhspórt Tta i gContae Chorcaí i 2010.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar leathanach 22 den Leabhrán*).

(ii) Ríomh díolachán iomlán na liathróidí peile ag Gníomhspórt Tta i gCúige Mumhan i 2010.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar leathanach 22 den Leabhrán*).

(16)

**(C)** (i) Luaigh **dhá** chúis a bhfógródh Gníomhspórt Tta a liathróidí peile (*ar leathanach 23 den Leabhrán*).

(ii) Tá sé beartaithe ag Gníomhspórt Tta liathróidí peile a onnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe. Mínigh **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhlacht dá mbeidís ag onnmhairiú liathróidí go dtí an Ríocht Aontaithe.
(*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.*) (20)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán